museum
National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann

# Leas-Oifigeach Saoráidí (Fáilteachas)

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann (AMÉ)** ar lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun an phost mar Leas-Oifigeach Saoráidí (Fáilteachas) a líonadh in Ard-Mhúsaem na hÉireann - Saol na Tuaithe, Caisleán an Bharraigh, Páirc an Turlaigh, Co. Mhaigh Eo. Is post Lánaimseartha, Buan é seo. Líonfar an post seo trí agallaimh oscailte iomaíochta a dhéanamh.

**Cuspóir an Phoist**

Chun tacú leis an Oifigeach Saoráidí, Bainisteoir Fáilteachais, maidir le foireann Oifigeach Cuairteora agus Slándála a threorú maidir le barr feabhais i seirbhísí cuairteora a sholáthar.

**TREORACHA AN IARRATAIS**

Cuirtear iarratais isteach sa chuid folúntais ar **shuíomh Gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann:** https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies

Ní mór d'iarrthóirí an fhoirm iarratais críochnaithe (Aguisín 4), CV suas chun dáta, agus litir chumhdaigh a chur isteach. **Iarraimid ar iarrthóirí go gcuirtear na trí cháipéis ar fad le chéile agus iad a chur isteach ar PDF aonair amháin.**

Ní mór don fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa agus iarratais atá san fhormáid mhícheart. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach Folúntais.

Céimeanna le clárú:

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.

- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le feiceáil ar an leathanach seo mar naisc.
- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Líon amach na cáipéisí atá ag teastáil agus cuir le chéile iad i **PDF aonair amháin** le do CV agus litir chumhdaigh.
- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin AMÉ chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.
- Arís, ón leathanach Folúntais, faigh an post ar mhian leat cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.
- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an seiceáil Captcha agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

Cuir **ríomhphost bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfear an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí.

## Spriocdháta le haghaidh Iarratais

## Ní mór do gach iarratas a bheith faighte roimh 17:00 ar an Aoine 10 Eanáir 2025

**Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha.** Cloífear leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta.